

## Ag Foghlaim trí Éisteacht

– Téacs le Clare Breen ina ndéantar machnamh ar thionscadal *The Breadfellows' Chats*, cuid de chónaitheacht scoilbhunaithe.

Cruthaítear “comhthéacs éisteachta” nuair a bhraitheann daoine socraithe chun a gcuid teoiricí a léiriú agus a léirmhíniú féin ar cheist áirithe a thairiscint. Saibhrimid ár n-eolas agus ár suibiachtúlacht trína bheith ag éisteacht le daoine eile agus a bheith oscailte dóibh agus muid ag foghlaim mar ghrúpa. - Carla Rinaldi

Tá mé ag smaoineamh ar éisteacht agus ar conas foghlaim a éascú trí éisteacht le déanaí. Tá mé i m'ealaíontóir cónaitheach i Scoil Náisiúnta Naomh Ibar, ó bhí Deireadh Fómhair 2017 ann, tríd an *Living Arts Project* atá á reáchtáil ag Ionad Ealaíon Loch Garman. I rith 15 cheardlann, chomhoibrigh mé le 48 páiste ó rang a 3 agus rang a 5. Thug mé saothar 11 ealaíontóir, mé féin san áireamh, chuig an seomra ranga agus é mar aidhm agam cleachtais éagsúla ealaíne comhaimseartha a thabhairt isteach do na leanaí agus an cheist á cur “cad a dhéanann ealaíontóir?”

Theastaigh uaim spás sábháilte a chruthú le haghaidh comhrá agus idirghníomhaíocht fhiúntach le saothair na n-ealaíontóirí sin, chun spás a éascú le haghaidh taighde agus foghlama trí chomhrá agus chun deiseanna a chur san áireamh chun fiosracht, dúil, amhras agus neamhchinnteacht a iniúchadh. Ba iad na healaíontóirí sin Angelica Falkeling, Daniel Fogarty, Katherine MacBride, Daniel Tuomey, Kari Robertson, Vasiliki Sifostratoudaki, Raluca Croitoru, Madison Bycroft, Sarah De Wilde, Hannah Fitz, agus mé féin, Clare Breen. Thug mé cuireadh do na healaíontóirí seo mar gheall ar a n-ábhar éagsúil agus a gcleachtais choincheapúla agus a n-oscailteacht leis an malartú dialóige. Mar oideachasóir ealaíon atá ag obair le leanaí, is é an aidhm atá agam ceardlanna a chruthú inar féidir le leanaí agus ealaíontóirí foghlaim óna chéile trí rannpháirteachas fiúntach leis na ceisteanna atá i gceist i gcleachtas ealaíontóirí. Bhí sé tábhachtach gur tháinig gach ealaíontóir isteach sa tionscadal agus gur eispéireas foghlama comhthairbheach a bhí ann agus deis acu a gcuid smaointe a iniúchadh i gcomhthéacs nua agus le comhoibríthe nua.

Is modheolaíocht taighde ealaíonta é *Breadfellows' Chats* a d'fhorbair mé mar shlí chun dul i dtraithí ar chleachtas ealaíontóra d'fhonn ceardlanna a fhorbairt go comhoibríoch. Tá sé forbartha anois agus téann sé in oiriúint do go leor timpeallachtaí éagsúla. I rith *Breadfellows' Chat* tagann beirt nó níos mó le chéile chun comhrá a dhéanamh faoi ealaín a dhéanamh agus iad ag déanamh rud ó chré. Tugaim *compánaigh* ar na rudaí seo déanta as cré. (Fíor 1 thíos)



Ciallaíonn an focal *compánach* cara - duine nó rud a gcaitheann tú am leis. Díorthaítear an focal “compánach” ón Laidin “com” a chiallaíonn 'leis' agus an Fhraincis “panis” a chiallaíonn 'arán', mar sin ciallaíonn compánach “le harán” nó “breadfellows ” go díreach, agus sin an chúis le *Breadfellows' Chats*. (Fíoracha 2 & 3 thíos)





Is é an t-aon choinníoll a bhaineann le *Breadfellows' Chat* ná gur cheart go mbeadh sé indéanta an compánach a úsáid chun béile a roinnt. Tá béim ar an gcaint agus an déanamh le chéile, agus comhroinnt bia ina dhiaidh sin, i mo chleachtas mar chomharthaí dlúthphearsanta de ghean. Tá an comhrá a tharlaíonn le linn *Breadfellows' Chat* chomh tábhachtach leis na *compánaigh* iad féin. I measc thorthaí *Breadfellows' Chats* tá taispeántais, ceardlanna, béilí agus cláir phoiblí laistigh agus lasmuigh de chomhthéacs an ghailearaí.



(Fíoracha 4 & 5)

Mar ullmhúchán don chónaitheacht *Living Arts Project* agus lena linn, rinne mé *Breadfellows' Chats* leis an 10 n-ealaíontóir roghnaithe agus d'fhorbraíomar ceardlanna le chéile. I ndiaidh na *Chats* seo tháinig cuid de na healaíontóirí chuig an seomra ranga chun ceardlanna a réachtáil, sheol cuid acu treoracha, d'fhorbair cuid acu an cheardlann liom agus sheol cuid acu saothair ealaíne ar cheap mé ceardlanna bunaithe orthu.

Sa réamhrá leis an téacs seo luaigh mé aiste an oideora ó Reggio Emilia, Carla Rinaldi, "The Pedagogy of Listening". Mar ullmhúchán don chónaitheacht seo thug mé cuairt ar Reggio Emilia, an lárionad cáiliúil Iodálach d'oideachas luath-óige, agus cheap mé cuid mhaith den chreat don tionscadal seo ag tarraingt ón gcuairt seo. Creidim go mbaineann páistí brí ón domhan timpeall orthu trí fhorbairt ar insintí. "Athraíonn sé domhan nach linne ann féin ina rud comhroinnte," trína bheith ag foghlaim go cuiditheach, ag foghlaim trí éisteacht lena chéile agus uirlisí a fhorbairt chun teacht ar an domhan le chéile. (Rinaldi, lch. 234). Bhí sé ina chuspóir láidir spásanna sábháilte a chruthú, tríd an teagmháil phléisiúrtha agus aisteach uaireanta le saothair ealaíne, ag tacú leis an bhfoghlaim atá comhoibritheach, comhchoiteann agus chomh daonlathach agus is féidir.

Ceann de na healaíontóirí a thug cuairt ar an scoil ná Katherine MacBride. Thug mé cuireadh do Katherine páirt a ghlacadh in *Living Arts Project* ar an ábhar, bíodh is gur chairde muid cheana féin, bhí fonn mór orm foghlaim óna cuid oibre. Tá sé i gceist ag an gcuid seo a leanas den téacs sin léargas a thabhairt ar ár gcomhoibriú, ar próiseas leanúnach é atá ag teacht chun cinn.

Ina cuid oibre mar dhealbhóir, mar fhís-déantóir, mar scríbhneoir, mar thaibheoir agus mar oideachasóir, tá Katherine dírithe ar éisteacht; measann sí conas a d'fhéadfaimis éisteacht leis na rudaí nach féidir a chloisteáil, leis na rudaí atá eisiata, agus leis na rudaí

nach féidir a chur in iúl go fóill. Dar le Katherine, is gníomh polaitiúil i gcónaí é an chaoi a ndéanaimid páirt a ghlacadh i gcomhrá — sa chiall agus gurb ionann é agus labhairt, éisteacht, tost agus cumarsáid neamhbhriathartha. Tá a cleachtas bunaithe ar mhian muinín a bheith aici go bhfuil feidhmeanna agus éifeachtaí féideartha ag cleachtadh rudaí a dhéanamh ar scála beag i gcomhthéacsanna níos leithne; is bealach chun gníomhú sa domhan agus ar an domhan é oibriú ar leibhéal mhicrea-éifeachtacha mar bhealach chun ár gcaidreamh a athoibriú go móilíneach. (Is féidir teacht ar a suíomh gréasáin anseo <https://www.katherinemacbride.com/>)

I rith chuairt Katherine rinneamar *Breadfellows' Chat*. Is é seo íomhá de *chompánach* a rinneamar le chéile. (Fíor 6, thíos)



Mar ullmhúchán do na ceardlanna scríobhadh téacs tosaigh maidir le gach ealaíontóir. Bhí cuid acu scríofa ag na healaíontóirí agus féin scríobh mé cuid eile ag tarraingt ar ár gcomhráite. Is féidir iad seo a fháil ar an suíomh gréasáin <http://breadfellows.school/>. Scríobh Katherine réamhrá dá cuid oibre féin do na páistí.

**Is ealaíontóir í Katherine a bhfuil suim aici sa chaoi a gcónaíonn daoine, ainmhithe, plandaí agus rudaí le chéile. I láthair na huaire tá sí ag obair go leor le héisteacht — ag éisteacht le do chluasa leis an méid atá á rá ag daoine eile lena nguthanna, ag éisteacht le do chorp leis an méid atá á rá ag daoine eile lena gcorp - ag éisteacht le do chéadfaí go léir chun aird chúramach a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil gach rud ceangailte le chéile agus ar an gcaoi a dtéann ár ngníomhartha i bhfeidhm ar a chéile an t-am ar fad, go fiú nuair nach bhfuil muid ar an eolas faoi. Tá sí ag iarraidh tuiscint a fháil ar conas éisteacht le rudaí cosúil leis an gcomhshaol ar dócha nach bhfuil guth aige agus conas éisteacht go cúramach ionas gur féidir linn aire mhaith a thabhairt dá chéile. Is minic a dhéanann Catherine rudaí le daoine eile.**

Is éard a bhí i gceardlann Katherine ná sraith cleachtaí gluaiseachta agus fuaime a léiríodh ó scór a scríobh sí don cheardlann. Dearadh na cleachtaí chun cabhrú leis na páistí feasacht a fhorbairt ar ghluaiseacht a chuimsiú sa spás agus é sin a dhéanamh i ndáil lena chéile. Tugadh cuireadh dóibh treoracha a scríobh agus a leanúint maidir le gluaiseachtaí dá chéile agus fuaimeanna a rinne coirp aonair agus le chéile mar ghrúpa a dhéanamh agus éisteacht leo. Ag deireadh na ceardlainne rinne na páistí líníocht mhór chomhoibríoch ag mapáil an lae, ag iarraidh cur síos a dhéanamh ar an gceardlann a tharraingt, ag cur an oiread sonraí agus a d'fhéadfaidís smaoineamh orthu le chéile. Chuir siad scór nua le chéile bunaithe ar a dtaithí.



(Fíor 7)

Is féidir mionchuntas ar an gceardlann seo a fháil ar shuíomh gréasáin [breadfellows.school](http://breadfellows.school/living-arts-project/katherine-macbride-week-5.html) anseo: <http://breadfellows.school/living-arts-project/katherine-macbride-week-5.html>

Ba í seo an 5<sup>ú</sup> seachtain den tionscadal, sna seachtainí roimhe sin bhíomar ag obair le cré, líníocht agus fabraic agus bhí na páistí ag éirí níos trialaí agus ní raibh siad chomh féin-chomhfhiosach os comhair a bpiaraí. Bhí go leor acu oscailte go hiomlán don ionchas go bhféadfaí torann a dhéanamh, treoracha simplí a chuimsiú nó go fiú smaoineamh ar threoracha a thabhairt do chorp eile a mheas mar chuid den phróiseas smaointeoireachta chun ealaín a dhéanamh. Bhí sé ina dhea-athrú spreagúil a bheith ag obair lena gcoirp amháin.

Tar éis chuairt Katherine, leathnaigh ár *Breadfellows' Chat* isteach ina mhalartú ríomhphoist.

**Clare :**

**Tá sé an-deacair tionscadal mar seo a mheas, labhair muid faoi ionchais agus sásamh inné, conas gan “an milleán a bhaint díot féin” agus tú ag measúnú cé chomh sásta agus atá tú le tionscadal. Ar shainaithin tú aon chritéir ar leith maidir le sásamh tríd an gcomhshaothar seo?**

Katherine: Bhí mé ag smaoineamh go leor ar mhíchompord, agus an deacracht a bhaineann leis seo a úsáid mar chritéir, ach an gá atá leis freisin. Ba mhaith liom go mbeadh am maith ag daoine, ach níl mé ag iarraidh go mbeadh am maith ag daoine amháin, agus má dhírím air sin go heisiach tá seans ann go gcaillfinn meastóireachtaí féideartha. Uaireanta bíonn an fhoghlaim deacair, nó casta, agus mar sin níl cinnte conas na cineálacha eispéireas sin a mheas, gan glacadh le seasamh a bhaineann milleán ar bith díom, seasamh mar ‘bhuel tá gach rud ina eispéireas bailí’. Ó thaobh na polaitíochta, creidim gur eispéireas bailí é gach rud, ach i dtéarmaí freagrachta i gcomhthéacs mar seo, comhthéacs ceardlainne, ansin ní leor a rá go bhfuil gach rud ceadaithe agus go bhfuil gach rud go maith toisc nach bhfuil sé sin fíor. Mar sin b'fhéidir go mbeadh na critéir a cheapfainn ceangailte le gach próiseas ealaíne a bhfuil tú ag iarraidh smaoineamh air.

Maidir leis na páistí, leibhéal na smaointeoireachta, b'fhéidir fiú an mearbhall a áireamh mar eispéireas smaointeoireachta. Cé chomh maith agus a d'oibrigh siad le chéile, ag smaoineamh ar bhealach difriúil ná mar a dhéantar sa rang, a iarraidh ort smaoineamh ar do luachanna agus do noirm, ag baint úsáid as próisis a bhaineann le hobair le chéile a spreagann agus a chothaíonn bealach le bheith sa spás normatach seo den scoil atá difriúil le gnáthrang. Uaireanta tagann na huaireanta meabhrachais neamhchoitianta sin aníos ó bhéal, déarfaidh corpháiste rud éigin a léiríonn go dtuigeann siad an coincheap ina iomláine. Is é seo an rud is deacra a dhéanamh le healaín, tá sé forásach go leor agus bíim ag streachailt go fóill leis fiú mar dhuine fásta le hoideachas go leor agam. Bíonn áthas orm nuair a thagann sé aníos uaireanta, mar shampla nuair a labhair an cailín sin faoina dheacra atá sé obair le daoine eile.

Maidir le bheith ag obair le múinteoir, tá a fhios agam go bhfuil an t-oideachas ealaíne san oideachas múinteoireachta an-athraitheach agus mar sin níl roinnt múinteoirí an-chompordach sa spás sin. Tá an tionscadal fadtéarmach seo ann, dar liom, do gach cleachtóir le soiléiriú, le droch-eispéiris ealaíon a bhí ag daoine roimhe seo a chealú, agus an smaoineamh ar cad is cleachtas ealaíne ann a leathnú. Tá oideachas cruthaitheach ríthábhachtach do gach duine agus ní thacaíonn an córas go han-mhaith leis. Ní critéir é seo ach is sprioc rúnda é is dóigh, mar sin níl tú cosúil le héan coimhthíocha a eitlíonn isteach ach duine a bhfuil ábhair inní agus paisin chomhroinnte aige.

**Clare: Tá a fhios agam go bhfuil an éisteacht riachtanach do mo chuid oibre ach is minic gurb é an chuid sin den chomhrá nach ndéantar a mhór dó san fhústar agus deifir chun bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chuid eile de rud éigin, an chéad chéim eile sa phróiseas. Ar mhaithe lena dhoiciméadú agus a mheas, tá sé riachtanach, ach tá sé riachtanach freisin a bheith i láthair go gníomhach agus éisteacht trí phróiseas, is dóigh liom gur rud é seo is féidir liom a fhoghlaim uait. An féidir leat rud éigin a rá faoin gcaoi a bhfanann tú ag éisteacht go gníomhach i rith do chleachtais; ag éisteacht ní amháin le comhoibritheoirí agus cuairteoirí ar do thaispeántais ach leat féin freisin?**

Katherine: Tá sé seo thar a bheith deacair. Nílím chomh cinnte sin go bhfuilim an-mhaith ag éisteacht liom féin, agus nuair a dhéanaim tá inní orm go bhfuil sotal de chineál éigin i gceist leis sin. Baineann sé seo leis an gcaoi ar tógadh mé agus go bhfuilim i mo bhean agus mar sin de, mar sin déanaim iarracht oibriú leis freisin, ach is minic a bhíonn míchompord mór orm maidir le spás cainte a ghlacadh agus b'éigean dom foghlaim conas é sin a dhéanamh mar oideachas feimineach ar dhóigh. Rudaí praiticiúla a dhéanaim ná: le taispeántais is maith liom a bheith thart agus a fheiceáil conas a idirghníomhaíonn daoine leis an saothar; déanaim iarracht éisteacht le haiseolas gan míniú a thabhairt air; scríobhaim go leor chuig daoine agus is bealach é seo chun féidearthachtaí a chruthú maidir le comh-aiseolas a fháil; glacaim am chun machnamh a dhéanamh ar shaothar daoine eile agus uaireanta deirim leo agus uaireanta is malartú tacúil é seo; déanaim iarracht smaoineamh ar a bhfuil á dhéanamh ag daoine eile ó go leor peirspictíochtaí. Sílim ansin go bhfuil sé níos deacra orm gan ach tuairim amháin a bheith agam, agus ciallaíonn sé go bhfuilim ag tarraingt duine, próiseas agus toradh ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar dhaoine eile, ach is é sin an dóigh a bhfaighim indéanta é le bheith ag smaoineamh. Is spás í an scríbhneoireacht ina bhfuilim ag foghlaim an dóigh leis an méid a cheapaim a rá. Go bunúsach, is bealach seo le bheith ag éisteacht ar feadh i bhfad agus ansin ag iarraidh rud éigin a dhéanamh as sin. Ag léamh freisin, ag éisteacht le daoine eile trína gcuid scríbhneoireachta.

**Clare: Ar tháinig aon rud as an tionscadal Breadfellows nach raibh tú ag súil leis?**

Cuirtear. Ba eispéireas maith é déileáil liom féin, an éiginnteacht go léir atá ionam a bheith agam agus oibriú tríd an éiginnteacht seo, ag glacadh leis an méid a tharla agus leis an rud nach raibh mé chomh cinnte sa mhéid a tharla. Rinne mé machnamh go leor ina dhiaidh sin faoin gcaoi a bhfaigheann leanaí ealaín chomhaimseartha, bhí dearmad déanta agam ar an méid a dhéanann siad é go díreach...mar a dúirt mé, déanann siad é.

**Ábhair Mhachnaimh:**

Agus mé ag druidim le deireadh *Living Arts Project*, rachaidh mé ar aghaidh ar dtús ach aitheantas a thabhairt do nádúr leanúnach na foghlama a tharla. Cheadaigh fad an tionscadail seo caidrimh a fhorbairt idir na páistí, leis na healaíontóirí, idir na healaíontóirí agus idir mé féin agus na múinteoirí. D'fhás an fhoghlaim trí stua inrianaithe, mar shampla, le himeacht ama d'fhéadfadh na páistí taithí ar chleachtas ealaíontóra a chur i gcomparáid le cleachtas eile. Ag deireadh an ama a chaitheamar le chéile, d'fhéadfaidís



labhairt go diongbháilte faoi ghnéithe den saothar ar bhain siad taitneamh astu agus faoi na rudaí a cheapaidís nár éirigh leo. Bealach chun cuid den fhoghlaim seo a thaispeáint is ea achoimre a thabhairt ar mhalartú, amhail an ceann seo le Katherine.

Creidim go bhféadfadh an tionscadal seo cumhacht a bheith i bhfad níos leithne a bheith aige, dá dtabharfaí faoi cheardlanna den chineál céanna le grúpaí múinteoirí. Is féidir le tacú le healaíontóirí cuid de na próisis a bhaineann le healaín a dhéanamh a shoiléiriú; gan iad a shimpliú, ach bealaí rochtana a chur ar fáil dóibh, a bheith ina bhuntáiste mór, dóibh siúd a bhíonn rannpháirteach leis an ealaín agus do na healaíontóirí. Spreagadh tábhachtach d'fhorbairt mo chleachtais i gcónaí ná bealaí a cheapadh chun tacú le, páirt a ghlacadh i agus a thaispeáint an dóigh gur spásanna foghlama féideartha ann féin iad comhráite faoi phróisis an chleachtais ealaíne. Dá ndéanfaí spás chun tacú le riachtanais na múinteoirí sa seomra ranga agus chun éisteacht leo, shaibhreachaí peirspictíocht an tionscadail seo freisin. Is céim í ag caint trí na riachtanais churaclaim, ag fáil amach cén áit a bhfuil spás ann le bheith nuálach agus an áit a bhfuil

an córas ag cur tacaíocht leordhóthanach sa chleachtas sin nach bhfuil aird dóthanach tugtha di ar fad. Chun athleagan a chur ar fhoclaíocht Katherine, tá oideachas cruthaitheach rithábhachtach do gach duine agus ní thacaíonn an córas go han-mhaith leis. Seachas teacht chuig seomra ranga agus tionscadail a fhorbairt a thugann isteach bealach smaointeoireachta le healaín agus tríd an ealaín, rud a chríochnaíonn ar ndóigh, gan mhoill de ghnáth, d'fhéadfaimis oibriú chun athruithe a dhéanamh ar chaidrimh an mhúinteora leis an ealaín chomhaimseartha agus ar an mbealach a múintear ealaín i scoileanna.

- Rinaldi, C. (2012) The Pedagogy of Listening. In: Edwards, C; Gandini, L agus Foreman, G, eag. The Hundred Languages of Children, the Reggio Emilia Experiences in Transformation, 3ú eag. California: Praeger, lgh. 223 – 246.

## **Liosta Íomhánna**

### Fíor 1

Íomhá de *Breadfellows' Chat* le Clare Breen agus Raluca Croitoru, Rotterdam 2016

### Fíor 2

*Compánach* Babhla Dúbailte, déanta le Bien Verworden, 2016

### Fíor 3

*Compánach* Pota Fondue, déanta le Simon Kentegens, 2016

### Fíor 4

*Breadfellows' Chats* le leanaí ó Scoil Náisiúnta Ráithíní i rith *I Sing the Body Electric*. coimeádaithe ag Jennie Guy do Chlár Scoileanna EVA International, 2018

### Fíor 5

Béile *Breadfellows* ag baint úsáid as compánaigh le *Chorus of documenta 14*, in *Yellow Brick*, Cathair na hAithne, 2017

### Fíor 6

*Compánach* déanta le Katherine MacBride, 2018

### Fíor 7

Ag tabhairt freagara ar shaothar Katherine McBride, Ceardlann *Breadfellows' Chats* mar chuid de *Living Arts Project* le Katherine MacBride, 2017